2024/2649

11.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2649 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Deireadh Fómhair 2024

lena gceartaítear an leagan Sualainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1773 lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe chun críocha an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha le linn na hidirthréimhse

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 35(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Sualainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1773 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid i Roinn 1 pointe 39 in Iarscríbhinn II a mhéid a bhaineann leis an gcineál gáis a shainítear. An téarma earráideach, lena gcuirtear in iúl cineál eile gáis a chumhdaítear leis an Rialachán sin freisin, úsáideadh é gach uair a úsáideadh an téarma sainithe in Iarscríbhinní II, III agus IV. Déanann an earráid difear do shubstaint na bhforálacha sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Sualainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1773 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste SCCT, arna seachadadh sular glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1773,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1773 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2023 lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe chun críocha an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha le linn na hidirthréimhse (IO L 228, 15.9.2023, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1773/oj).